# Ráiteas Rúndachta

## Cosaint sonraí pearsanta

Tá Parlaimint na hEorpa tiomanta do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus do chuid príobháideachais a urramú. Leis an ráiteas príobháideachais seo, mínítear an cuspóir atá le próiseáil sonraí pearsanta a mhéid a bhaineann le ceisteanna parlaiminteacha, bunús dlí na próiseála, na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun cosaint na sonraí pearsanta uile arna gcur ar fáil a áirithiú, conas a úsáidtear an fhaisnéis sin, agus na cearta atá agat i ndáil le do chuid sonraí pearsanta. Sonraítear ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí fhreagraigh ar féidir leat do chearta a fheidhmiú leis, Oifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Déanann Parlaimint na hEorpa Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, IO L 295, 21.11.2018, a chur i bhfeidhm.

### 1) Cé a dhéanann próiseáil ar do shonraí pearsanta?

Tá Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar an rialaitheoir[1], agus is é an tAonad um Ghníomhaíochtaí na bhFeisirí a bhfuil Francisco Peyró Llopis (Ceann Aonaid) ag déanamh ionadaíocht air, an t-eintiteas atá freagrach as an bpróiseáil.

Déan teagmháil leis an rialaitheoir/leis an eintiteas tríd na boscaí ríomhphoist feidhmiúla seo a leanas: QuestOral@ep.europa.eu, QuestEcrit@ep.europa.eu agus interpellations@ep.europa.eu

### 2) Cad é an cuspóir atá le próiseáil do shonraí pearsanta?

Ní phróiseálann an rialaitheoir sonraí do chuid faisnéise pearsanta ach amháin a mhéid is gá chun obair Pharlaimint na hEorpa a dhéanamh, ós rud é gur cineál díreach de ghrinnscrúdú parlaiminteach ar institiúidí agus comhlachtaí eile AE iad ceisteanna parlaiminteacha. Déantar próiseáil ar shonraí pearsanta chun críocha Ceisteanna i gcomhair Freagra i Scríbhinn, Ceisteanna i gcomhair Freagra ó Bhéal maille le Díospóireacht agus Trascheisteanna a láimhseáil.

Faigheann an tAonad um Ghníomhaíochtaí na bhFeisirí ceisteanna parlaiminteacha trí fheidhmchlár gréasáin, agus ina dhiaidh sin, déanann sé iad a chlárú, déanann sé seiceálacha inghlacthachta orthu de réir na gcritéar a shainítear sna Rialacha Nós Imeachta, agus déanann sé iad a tharchur chuig a seolaithe, lena n-áirítear Uachtarán na Comhairle Eorpaí. an

[1] Is é an Rialaitheoir an t-údarás, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile poiblí a chinneann, ina aonar nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta. Déanann ceann an eintitis ionadaíocht ar an rialaitheoir.

Chomhairle, an Coimisiún nó Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi phróiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún Eorpach, féach Ráiteas Príobháideachais an Choimisiúin maidir le ceisteanna parlaiminteacha a láimhseáil.

### 3) Cad é an bunús dlí leis an bpróiseáil?

Maidir le bunús dlí na próiseála, áirítear air Rialacha 136, 138 agus 139 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, Iarscríbhinn III de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa do Cheisteanna i gcomhair Freagra i Scríbhinn, agus Rialachán 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

### 4) Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?

Sonraí pearsanta riaracháin an Fheisire a ullmhaíonn an cheist agus aon sonraí pearsanta atá sna ceisteanna parlaiminteacha a fhaightear tríd an bhfeidhmchlár gréasáin. Féadfaidh na húdair (Feisirí aonair, coistí nó grúpaí polaitiúla) sonraí pearsanta a áireamh agus na ceisteanna á ndréachtú acu má mheasann siad go bhfuil siad ábhartha don ábhar. Is ar údair na gceisteanna atá an fhreagracht iomlán as inneachar na gceisteanna sin.

### 5) Cén chaoi a bpróiseálfar do shonraí pearsanta?

Chun an phróiseáil a dhéanamh mar a údaraítear le dlí an Aontais, tá coimircí iomchuí agus nósanna imeachta inmheánacha curtha i bhfeidhm ag an Aonad um Ghníomhaíochtaí na bhFeisirí chun cosaint chearta agus shaoirsí na n-ábhar sonraí a dhaingniú.

Tosaíonn an oibríocht phróiseála nuair a fhaightear ceist pharlaiminteach tríd an bhfeidhmchlár gréasáin. Déantar measúnú, de réir an cháis, ar gach cás/ceist ar leith ina bhfuil sonraí pearsanta seachas ainm nó ainmneacha an Fheisire de Pharlaimint na hEorpa.

Déanann an tAonad grinntaighde agus fíorú ar líne chun a fháil amach ar cuireadh na sonraí pearsanta lena mbaineann ar fáil don phobal, i gcomhréir leis na forálacha atá ann cheana maidir le cosaint sonraí. Scrúdaítear staid phearsanta an ábhair sonraí, agus an bunús dlí ábhartha don phróiseáil á chur san áireamh.

Féadfar catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a áireamh ar na sonraí a phróiseáiltear a thagann faoi Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725, agus sa chás sin déantar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas d’Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2018/1725:

(a) tá toiliú sainráite tugtha ag an ábhar sonraí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil chun críche sonraithe amháin nó níos mó;

(c) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint, i gcás nach féidir leis an ábhar sonraí toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil;

(e) baineann an phróiseáil le sonraí pearsanta ar follasach gur chuir an t-ábhar sonraí ar fáil go poiblí iad;

(g) is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a dhéanfaidh foráil maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú.

Tá próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le 'ciontuithe agus cionta coiriúla' faoi réir choinníollacha próiseála Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Tar éis taighde a dhéanamh ar gach cás ar leith, nuair a mheastar gur sonraí príobháideacha iad sonraí pearsanta i gceist pharlaiminteach, agus nuair nach gcomhlíonann siad na critéir thuasluaite, téann an tAonad i dteagmháil leis an údar nó leis na húdair, ag iarraidh go ndéanfaidís an cheist a chur an athuair trí aon tagairtí do shonraí pearsanta a mheastar a bheith doghlactha a bhaint.

## 6) Cá fhad a dhéanfar do shonraí pearsanta a stóráil?

Stóráiltear ceisteanna parlaiminteacha san fheidhmchlár gréasáin QP Plus. Tar éis dheireadh a dtréimhse coinneála cúig bliana, aistrítear comhaid a bhaineann le ceisteanna parlaiminteacha chuig Cartlann Stairiúil Pharlaimint na hEorpa chun críoch stairiúil. Tá an tréimhse choinneála do cheisteanna parlaiminteacha faoi réir sceideal coinneála mar atá sainithe sa Liosta Coiteann Coinneála ar leibhéal na hArd-Stiúrthóireachta.

Tá na leaganacha deireanacha de cheisteanna parlaiminteacha tar éis na seiceálacha inghlacthachta agus cosanta sonraí, ar fáil go poiblí ar shuíomh idirlín *Europarl,* agus i gClár na ndoiciméad oifigiúil de chuid na Parlaiminte.

## 7) Cé hiad faighteoirí do shonraí pearsanta?

Go hinmheánach, tá rochtain ar cheisteanna parlaiminteacha, agus aon sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith iontu, teoranta do chatagóirí éagsúla foirne atá freagrach as oibríochtaí ábhartha a chur i gcrích. Féadtar a áireamh orthu sin, seachas an tAonad um Ghníomhaíochtaí na bhFeisirí, AS TRAD le haghaidh aistriúcháin, AS ITEC i gcás saincheisteanna teicniúla leis an bhfeidhmchlár gréasáin, cúntóirí Fheisirí na Parlaiminte, agus grúpaí polaitiúla agus foireann na gcoistí.

Tar éis an nós imeachta inghlacthachta thuasluaite, agus tar éis aon sonraí pearsanta a mheastar a bheith doghlactha a bhaint, is institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh iad faighteoirí na sonraí atá sna ceisteanna parlaiminteacha. Áirítear orthu sin Uachtarán na Comhairle Eorpaí, an Chomhairle, an Coimisiún nó Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

8) **An gcomhroinnfear do shonraí pearsanta le <u>tír nach bhfuil san Aontas Eorpach</u> nó le <u>heagraíocht idirnáisiúnta</u>?**

Tá na ceisteanna parlaiminteacha ar éirigh leo sna seiceálacha agus sna fíoruithe thuasluaite ar fáil go poiblí ar shuíomh idirlín *Europarl*, agus i gClár na ndoiciméad oifigiúil de chuid na Parlaiminte.

9) **An bhfuil aon phróisis uathoibríocha[2] agus/nó próifíliú ann[3] a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit?**

   Níl.

10) **Mura bhfuarthas sonraí pearsanta uait, cad é is foinse dóibh?**

Tagann na sonraí pearsanta go léir ó cheisteanna parlaiminteacha a dhréachtaíonn Feisirí aonair na Parlaiminte, na coistí, nó na grúpaí polaitiúla, agus is iad údair na gceisteanna amháin atá freagrach as inneachar na gceisteanna. Ní féidir leis an rialaitheoir foinse na faisnéise pearsanta a luaigh an Feisire i gceist pharlaiminteach a fhíorú i gcónaí.

11) **Cad iad na cearta atá agat?**

Seo a leanas na cearta atá agat:

- An ceart rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta.
- An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a cheartú.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a scriosadh.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil.

---

[2] Cinneadh a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe, agus tríothusan amháin, gan aon ionchur ón duine ina leith. {Samplaí Teoiriciúla: leathanach gréasáin ar a gcuirfear, mar thoradh ar roghanna áirithe a roghnú, ar liostaí éagsúla seachadta go huathoibríoch thú trína gcuirfear an nuachtlitir mhíosúil chomhfhreagrach chugat / córas uathoibrithe a úsáid chun freagraí "Ilrogha" trialacha a mharcáil agus pasmharc a thabhairt de réir líon na bhfreagraí cearta}.

[3] Déanann próifíliú anailís ar ghnéithe de phearsantacht, d'iompar, d'ábhair spéise agus de nósanna an duine aonair chun tuartha nó cinntí a dhéanamh ina leith. Úsáidtear é chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe nó chun gnéithe a thuar a bhaineann le feidhmíocht an ábhair sonraí ag an obair, le staid eacnamaíochta, le sláinte, le roghanna pearsanta nó le díol spéise, le hiontaofacht nó le hiompraíocht, le suíomh nó le gluaiseachtaí, etc. {Sampla Teoiriciúil: nuair a úsáidtear na meáin shóisialta, déantar sonraí a bhailiú agus do threochtaí a chlárú. Úsáidtear ansin na sonraí sin chun tuartha nua/difriúla a dhéanamh i do leith.

- I gcás inarb infheidhme, an ceart chun iniomparthachta sonraí.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart cur i gcoinne próiseála.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan dochar do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh.
- An ceart chun teagmháil a dhéanamh le hoifigeach cosanta sonraí Pharlaimint na hEorpa ag data-protection@europarl.europa.eu.
- An ceart gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu.